Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**16405/25**

**AG 197**
**INST 428**
**PE 102**
**FREMP 379**
**RELEX 1626**
**COHOM 188**
**ECOFIN 1686**
**POLCOM 370**
**DEVGEN 229**
**JAI 1951**
**COMER 198**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 8401 final |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN an 3.12.2025 maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal ‘Ná bíodh caighdeáin dhúbailte ann a thuilleadh maidir le cearta an duine’ de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 8401 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 8401 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.12.2025
C(2025) 8401 final

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3.12.2025**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Ná bíodh caighdeáin dhúbailte ann a thuilleadh maidir le cearta an duine' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3.12.2025**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Ná bíodh caighdeáin dhúbailte ann a thuilleadh maidir le cearta an duine' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh[1], agus go háirithe Airteagal 6 (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Deireadh Fómhair 2025 rinneadh iarraidh ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Ná bíodh caighdeáin dhúbailte ann a thuilleadh maidir le cearta an duine' a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(2) Is é is aidhm don tionscnamh, mar a chuir na heagraithe in iúl é, a iarraidh ar an gCoimisiún 'rialachán a mholadh lena mbunófar maoirseacht chaighdeánaithe ar chearta an duine ar fud a réimsí inniúlachta ina ghníomhaíocht sheachtrach le tríú tíortha'. De réir na n-eagraithe, 'ba cheart a chinntiú leis an rialachán go ndéanfaidh an Coimisiún monatóireacht, meastóireacht agus freagairt ar sháruithe ar chearta an duine ar bhealach trédhearcach comhsheasmhach éifeachtach comhréireach tráthúil'. Molann na heagraithe creat dlíthiúil a chuirfidh ar chumas an Aontais a chur chuige maidir le cearta an duine a fheabhsú agus a chreidiúnacht ar fud an domhain a threisiú tríd an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a chosaint ar bhealach níos fearr. Iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh agus doiciméad breise arna thíolacadh ag na heagraithe mar chuid dá n-iarratas ar chlárú, tugann siad tuilleadh sonraí maidir le cúlra, ábhar agus cuspóirí an tionscnaimh.

(3) Measann an Coimisiún go bhféadfadh sé togra a ghlacadh le haghaidh gníomh dlí lena mbunófaí creat cothrománach lena gcuirfí le cur chun feidhme na coinníollachta maidir le cearta an duine i gcomhaontuithe trádála, sa bheartas maidir le comhar um fhorbairt agus sa bheartas maidir le comhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil ar bhonn Airteagal 207, Airteagal 209 agus Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(4) Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

---

[1] IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj

(5) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha ba ghá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(6) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(7) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal 'Ná bíodh caighdeáin dhúbailte ann a thuilleadh maidir le cearta an duine' a chlárú.

(9) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil inneachar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is iad an grúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh, agus iadsan amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa d'eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Clárófar an tionscnamh dar teideal 'Ná bíodh caighdeáin dhúbailte ann a thuilleadh maidir le cearta an duine'.

*Airteagal 2*

Tá an cinneadh seo dírithe chuig an ngrúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Ná bíodh caighdeáin dhúbailte ann a thuilleadh maidir le cearta an duine', grúpa a bhfuil FFaryda HUSSEIN agus Erol AKDAG ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3.12.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Maroš ŠEFČOVIČ*
*Comhalta den Choimisiún*